# COMHAIRLE CONTAE LOCH GARMAN

# FHODHLÍTHE TRÁ, 2022

## FODHLÍTHE LENA RIALAÍTEAR TRÁNNA I:

DÚN DÓNAILL, BAILE NA hEISCRÍ, BAILE AN ABHALLOIRT, BAILE AN CHOINIGÉIR, BAILE DHÁITH BHUÍ, BAILE UÍ ÉILÍ, BAILE MUINE, BAILE NA CLAISE, BAILE NA MÓNA, BAILE THAIDHG, BAILE BHALDAIN, BAILE AN BHULBHAIGH, CUAN BHUAILE, CATHÓIR, CARNACH, CEANN AN CHAIRN, CLUAIN/BAILE AN CHAISLEÁIN, BAILE NA CÚIRTE, BAILE CHUILINN, BEARNA MHIC COLLATÁIN, CURRACH CLÓ (WHITE GAP), DÚN CANANN, FIODH ARD, OILEÁN MHUIRE, CILL PHÁDRAIG, CNOC NA SAILEOG, CAISLEÁN MHURCHÚ, *OLD BAWN*/AN BAILE NUA, POLL SEOIN, TRÁ ROS LÁIR, BAILE ROSTÚIN, CILL EILLEÁIN, TEACH COIMSEÁIN, TIGH NA BEARNA.

RINNE COMHAIRLE CONTAE LOCH GARMAN NA FODHLÍTHE SEO AG AN gCRUINNIÚ DEN CHOMHAIRLE A BHÍ ANN AN 28 MÁRTA, 2022. TIOCFAIDH SIAD I bhFEIDHM AN 1 Meitheamh, 2022.

**COMHAIRLE CONTAE LOCH GARMAN**

**FODHLÍTHE TRÁ, 2021**

De bhun na gcumhachtaí a thugtar di faoin Acht Rialtais Áitiúil, 2001, faoi na Rialacháin um an Acht Rialtais Áitiúil, 2001 (Fodhlíthe), 2006 (I.R. Uimh. 362 de 2006), faoin Acht um Shábháilteacht Mhuirí, 2005, faoin Acht um Rialú Madraí, 1986 (arna leasú), faoin Acht Corr-Thrádála, 1995, faoin Acht um Rialú Capall, 1996, faoin Acht um Thruailliú ó Bhruscar, 1997 (arna leasú) agus ar mhaithe le leasanna na maitheasa poiblí, déanann Comhairle Contae Loch Garman, leis seo, na Fodhlíthe seo a leanas le haghaidh tránna Chontae Loch Garman arna leagan amach sa sceideal a ghabhann leis seo, i gContae Loch Garman.

**I. Teideal**

Fodhlíthe Trá Chomhairle Contae Loch Garman, 2022 is teideal do na Fodhlíthe seo. Cuirtear iad in ionad Fodhlíthe Trá Chomhairle Contae Loch Garman, 2005.

**II. Tosach Feidhme**

Tiocfaidh na Fodhlíthe seo i ngníomh an 1 Meitheamh 2022.

**III. Ré**

Mura luafar a mhalairt, beidh feidhm ag na Fodhlíthe seo ar feadh na bliana.

**IV. Feidhm**

Beidh feidhm ag na Fodhlíthe seo maidir le gach Trá a leagtar amach i Sceideal a hAon a ghabhann leis na Fodhlíthe seo.

**V. Mínithe**

Sna Fodhlíthe seo, beidh feidhm ag na mínithe seo a leanas;

(a) ciallaíonn "An Chomhairle" Comhairle Contae Chontae Loch Garman.
(b) ciallaíonn "toiliú na Comhairle" cead i scríbhinn ó Dhuine Údaraithe.
(c) tá le "Ceadúnas" an bhrí a thuairiscítear i gCuid VI de na Fodhlíthe seo.
(d) ciallaíonn "An tAcht" an tAcht Rialtais Áitiúil, 2001.
(e) ciallaíonn "Duine Údaraithe" aon duine, lena n-áirítear aon fhostaí den Chomhairle a bheidh údaraithe i scríbhinn ag an gComhairle chun críche na bhFodhlíthe seo.

(f) ciallaíonn agus folaíonn "Trá" an t-imeall trá agus aon uisce cósta, bruach, aill, cosán, bóthar, carrchlós, scaineamháin, dumhcha agus carraigeacha atá tadhlach leis an imeall trá. Folaíonn sé sin aon fharraige ar feadh achar ón trá go dtí 300 méadar (ar thaobh na farraige) den mharc diathrá. Tá leis na focail "tráigh mhara" agus "imeall trágha" an bhrí chéanna a mhínítear san Acht Imeall Trágha, 1933. Is é atá i dTrá Brait Ghoirm ná trá a chuireann Brat Gorm ar foluain, ar brat é a dhámhann an Fhondúireacht um Oideachas Comhshaoil gach bliain agus is é An Taisce a fheidhmíonn mar ionadaí don Fhondúireacht sin in Éirinn. Déantar teorainneacha limistéar an Bhrait Ghoirm a thaispeáint le marcóirí a léiríonn Limistéar Patróil Gharda Tarrthála na trá atá i gceist.

(g) Ciallaíonn 'rialú éifeachtúil', i gcás madra, gur ceart go mbeadh iall curtha ar an madra ag úinéir an mhadra nó go bhfuil an madra taobh le húinéir an mhadra agus faoi cheannas an úinéara sin.

(h) Tá le "imeall trá" an bhrí a shanntar dó in Ailt 1 agus 1A den Acht Imeall Trágha, 1933 (arna leasú).

(i) ciallaíonn "Dobharárthach Pearsanta" árthach (seachas árthach áineasa), ar lú ná 4 mhéadar a fhad ina n-úsáidtear inneall dócháin inmheánaigh ina bhfuil caidéal scairde uisce mar phríomhfhoinse tiomána, agus atá deartha lena úsáid ag duine nó daoine a bheidh ag suí, ag seasamh nó ar na glúine, seachas laistigh de chabhail.

(j) ciallaíonn "Árthach Cumhachta Luais" árthach áineasa (seachas dobharárthach pearsanta) a ndíorthaítear a phríomhchóracha tiomána ó fhoinse chumhachta meicniúil agus a bhaineann amach luas is cothrom le 17 muirmhíle san uair no níos mó, nó ar féidir leis an luas sin a bhaint amach, tríd an uisce nó thairis, cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil fearais eile á dtarraingt aige, agus folaíonn sé árthaigh is féidir a thiomáint ar thalamh chomh maith le huisce.

(k) ciallaíonn "Árthach Cumhachta" árthach áineasa, a ndíorthaítear a phríomhchóracha tiomána ó fhoinse chumhachta meicniúil agus a bhaineann amach luas nach mó ná 17 muirmhíle san uair, tríd an uisce nó thairis, cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil fearais eile á dtarraingt aige.

(l) ciallaíonn "Cuadrothar" feithicil inneallghluaiste faoi thiomáint ceithre roth.

(m) ciallaíonn "Gaireas Snámhachta Pearsanta nó Seaicéad Tarrthála Oiriúnach" gaireas snámhachta pearsanta nó seaicéad tarrthála –

- Is leor chun snámhacht a sholáthar don duine a bheidh á úsáid in uiscí a bhféadfaí a bheith ag súil leo.
- A bheidh cuí do mheáchan coirp an duine a bheidh á chaitheamh.
- A mbeidh air an mharcáil chomhréireachta CE arb éard í "CE" a bheidh i bhfoirm an eiseamail a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann le treoir 89/686/CEE ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh an 21 Nollaig 1989 (arna leasú le Treoir 93/688/CEE ón gComhairle an 22 Iúil 1993 agus Treoir 96/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Meán Fómhair 1996).

(n) ciallaíonn "Clár tonnmharcaíochta" clár arna úsáid chun tonnmharcaíocht a dhéanamh ag baint úsáid as fuinneamh tonnta mar mhodh gluaiseachta.

(o) ciallaíonn "Clár seoltóireachta" clár a mbeidh seol daingnithe de lena ligtear don oibreoir seoltóireacht a dhéanamh fan tonnta agus síos tonnta chomh maith.

(p) ciallaíonn "Clár eitleoige" clár arna úsáid chun tonnmharcaíocht a dhéanamh le cúnamh ó eitleog, lena ligtear don oibreoir seoltóireacht a dhéanamh fan tonnta agus síos tonnta chomh maith.

(q) Folaíonn "Snámh" a bheith ar snámh, lapadaíl, iascaireacht nó a bheith san fharraige ar shlí eile chun críocha áineasa.

**(r)** ciallaíonn "Séasúr Samhraidh" an tréimhse ón 1 Meitheamh ago dtí an 15 Meán Fómhair gach bliain.

## <u>VI. Gníomhaíochtaí Toirmiscthe.</u>

Ní dhéanfaidh aon duine aon cheann de na gníomhaíochtaí seo a leanas ar an Trá, ná ní chuirfidh aon duine faoi deara iad a dhéanamh, eadhon:-

### Damáiste

1) Tine oscailte (seachas in aonad scartha amhail fulacht) a lasadh nó aon ní a dhéanamh a d'fhéadfadh damáiste a dhéanamh le tine.
2) Damáiste a dhéanamh d'aon fhéar, dumhcha, plandaí, gnáthóga, toir nó aon phlanda a fhásann ar an Trá nó in aice na Trá.
3) Aon ithir, clocha nó ábhar dá samhail a leagan.
4) Aon eangaí, baoití, línte, boscaí, gléas iascaireachta, éisc nó sliogáin a scaradh, a shocrú nó a fhágáil
5) Litir, figiúirí nó marcanna a phéinteáil, a scríobh, a ghreanadh nó a shnoí nó a ghreanadh i scríbhinn ar mhodh ar bith ar aon charraig, balla nó déanmhas.
6) Aon truflais nó ítim bruscair a leagan, mar a mhínítear san Acht um Thruailliú ó Bhruscar 1997 (arna leasú).
7) Aon ghaineamh, clocha, feamainn nó ithir a aistriú ón trá, seachas de réir reachtaíochta agus le toiliú na Comhairle amháin.
8) Cur isteach ar aon bhaoi tarrthála, trealamh tarrthála, marcóir rópa, bothán, cábán, gabhdán bruscair, comhartha nó crann brataí, brat nó clár eolais, balla, ráille nó claí nó aon rud eile a bheidh curtha ar an trá ag Comhairle Contae Loch Garman, nó damáiste a dhéanamh don chéanna.
9) A bheith ina chúis nó ina cúis le núis nó baol do dhaoine ar an trá trí chluiche a imirt ar dhóigh a bheidh ina chúis le núis nó baol.
10) A bheith ina chúis nó ina cúis le núis nó aon ghníomh a dhéanamh ar dóigh dó a bheith ina chúis le núis ar an trá.

### Feithiclí/Pubaill/Locadh Thar Oíche

11) Aon mhótarcharr, gluaisrothar, cuad, veain, leantóir, veain champála, carbhán, teach soghluaiste, suanbhoth soghluaiste, feithicil uile-thalún, carráiste, trucail, vaigín, leoraí, feithicil uile-thír-raoin, cuad nó feithicil innealghluaiste eile a thiomáint, a thabhairt isteach, a chur, a fhágáil nó a locadh ar an Trá nó ar an gcóras dumhcha a chomhghabhann leis an Trá.
    (i) Ní bheidh feidhm ag an bhFodhlí seo maidir le feithicil arna hoibriú, faoi cheadúnas ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, ag an gComhairle nó a gníomhairí, Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí, an Garda Síochána, na Buan-Óglaigh, Cosaint Shibhialta, an Garda Cósta, Seirbhís

Tarrthála Cladaigh Phobail nó seirbhísí tarrthála aitheanta, Custaim agus Mál, an Glacadóir Raice nó maidir le haon fheithiclí seirbhíse éigeandála eile.

(ii) Maidir leis an toirmeasc ar fheithiclí inneallghluaiste ar Thránna, ní áirítear mótarcharr nó gluaisrothar nó feithicil innealta eile a locadh ar bhealach sábháilte ar Thránna Dhún Canann agus Bhaile Chuilinn, de réir srianta áitiúla, agus mótarcharranna, gluaisrothair nó feithiclí innealta eile a locadh i gcarrchlós ainmnithe ar aon cheann de na tránna sa Sceideal seachas Baile Chuilinn agus Dún Canann. Is ar phriacal an úinéara go hiomlán atá sé mótarcharranna, gluaisrothair agus feithiclí innealta eile a locadh ar na Tránna sin.

12) Campáil ar an Trá nó ar chóras dumhcha a chomhghabhann leis an Trá, nó aon phuball, carbhán, veain champála, suanbhoth soghluaiste nó teaghais shealadach thar oíche eile a chur nó a thógáil ar an Trá nó ar chóras dumhcha a chomhghabhann leis an Trá, laistigh den Limistéar Trá a chumhdaítear leis na Fodhlíthe seo.

Ní chuirfidh na forálacha seo srian le feidhmiú cearta rochtana fadbhunaithe ar an trá ag úinéirí nó áititheoirí maoine atá tadhlach leis an trá agus ní chuirfidh siad srian le haon Ghníomhaireacht Stáit a cumhachtaí reachtúla a fheidhmiú.

**Trádáil/Fruiliú/Fógraíocht**

13) Seachas le toiliú ón gComhairle, aon chlár fógraíochta, plaiceard, earraí, marsantacht a chur ar taispeáint nó aon cheol aimplithe a chasadh ar an trá nó aon ócáid phoiblí, spóirt nó tráchtála a eagrú, a chur ar bun nó a sheoladh ar an Trá.

14) Seachas de réir ceadúnas arna eisiúint ag Comhairle Contae Loch Garman, teagasc nó ranganna a dhíol, a fhruiliú nó a thairiscint nó aon rud a chur ar an Trá chun é a dhíol nó a fhruiliú, lena n-áirítear aon;

- Bhoth, seastán, stalla, cathaoir, bád lapadaíola, bád, cadhc, canú, clár tonnmharcaíochta, clár toinne sciála, clár seoltóireachta, aerthocht, seolta, trealamh, dobharárthach pearsanta, nó dobharárthach eile nó aon thráchtearra nó rud ar bith.

15) Seachas de réir ceadúnais arna eisiúint ag Comhairle Contae Loch Garman, aon trealamh do leanaí nó trealamh súgraidh a dhíol nó a fhruiliú nó aon trealamh do leanaí nó trealamh súgraidh a chur ar an trá chun é a dhíol nó a fhruiliú, lena n-áirítear aon:

- Chaisleáin phreabacha, marcaíocht ar chapaillín nó asal, bréagáin inséidte nó earraí lena n-úsáid ar uisce, trampailíní, cuadrothair, nó aon ítim shúgraidh ar bith.

16) Féadfaidh Comhairle Contae Loch Garman, ó am go ham, limistéir áirithe de thránna a ainmniú chun críche tráchtearraí áirithe, arna gcinneadh ag an gComhairle, a dhíol nó a fhruiliú. Áireofar in aon cheadúnas den sórt sin a dheonófar coinníollacha a gceanglófar ar an gceadúnaí cloí leo.

**Capaill**

17) Idir 10 a.m. agus 8 p.m. le linn an tSéasúir Samhraidh agus deireadh seachtaine Saoire Bainc le linn na bliana féilire (Satharn, Domhnach agus Luan san áireamh), beidh toirmeasc ar aon chapall, capaillín, asal, múille nó ainmhí eile den speiceas eachaí a thabhairt isteach, nó a mharcaíocht, a ghlanadh, a thiomáint nó a chinnireacht ar an trá. Roimh 10 a.m. agus tar éis 8 p.m., féadfar ainmhí den sórt sin a thabhairt isteach ar an trá ar an gcoinníoll:

- Go mbeidh sé faoi rialú.
- Nach ligfear isteach é ar aon chuid den trá arb éard í dumhcha.
- Nach mbeidh sé ina chúis le crá, baol nó núis d'aon duine a bheidh ag baint úsáid as an trá.
- Go ndéanfar aon fhaecas a aistriú.

Beidh arna ndíolmhú ón bhFodhlí seo capaill arna gcoimeád ag an nGarda Síochána agus faoi rialú ag comhalta den Gharda Síochána agus é nó í ag feidhmiú a dhualgais/dualgais, capaillíní nó ainmhithe eile dá samhail den speiceas eachaí, arna dtabhairt isteach ar an trá chun an t-ainmhí a fhruiliú le haghaidh marcaíocht ag leanaí, agus é arna oibriú de réir ceadúnais arna dheonú faoi Alt VI de na forálacha seo de na Fodhlíthe.

**Madraí**

18) Idir 11 a.m. agus 6 p.m. le linn an tSamhraidh, beidh toirmeasc ar aon mhadra a thabhairt isteach isteach i dTrá Brait Ghoirm ach amháin chun rochtain a fháil ar an gcuid sin de thrá atá lasmuigh de Limistéar an Bhrait Ghoirm trí dhul tríd Limistéar an Bhrait Ghoirm. Féadfar madra a thabhairt isteach i dTránna Brait Ghoirm lasmuigh den tréimhse thoirmiscthe agus iTránna eile lena mbaineann na Fodhlíthe seo ar an gcoinníoll:

- Go bhfuil an madra faoi rialú éifeachtúil. Ní mór iall a bheith ar mhadraí le linn a bheith ag dul trí Limistéar Brait Ghoirm aon Trá den sórt sin le linn tráthanna srianta Shéasúr an tSamhraidh.
- Nach mbeidh sé ina chúis le crá, baol nó núis d'aon duine a bheidh ag baint úsáid as an trá ná nach ndéanfaidh sé aon ainmhí, éan nó créatúr eile ar an trá a chiapadh, a sheilg nó díobháil a dhéanamh nó cur isteach ar an gcéanna; agus
- Go ndéanfar aon fhaecas madra a aistriú agus a chur i ngabhdán oiriúnach.
- Tá feidhm ag coinníollacha breise maidir le madraí ar an liosta de phórtha srianta faoi na Rialacháin um Rialú Madraí, 1998 (I.R. 442 de 1998) a bhaineann le bheith ar iall nó slabhra láidir nach nó ná 2 mhéadar ar fhad, féastrach a bheith air agus a bheith faoi chúram duine atá os cionn 16 bliana d'aois.

Beidh arna ndíolmhú ón bhFodhlí seo madra treorach do dhaill, madraí arna gcoimeád ag an nGarda Síochána ag feidhmiú a dhualgais/dualgais, agus madraí arna gcoimeád ag comhalta den tSeirbhís Chustam agus Máil ag feidhmiú a dhualgais/dualgais.

**Dobharárthach Pearsanta, Árthach Cumhachta Luais, Árthach Cumhachta.**

19) Féadfaidh an Chomhairle bealaí rochtana ar an bhfarraige agus bealaí imeachta ón bhfarraige trí thránna a ainmniú le haghaidh dobharárthaigh phearsanta, árthaigh chumhachta luais agus árthaigh chumhachta, de réir mar a thaispeántar ar Sceideal na léarscáileanna atá i gceangal leis seo.

20) Tá sé toirmiscthe dobharárthach pearsanta, árthach cumhachta luais agus árthach cumhachta a lainseáil nó a úsáid ar aon cheann de na tránna a liostaítear seachas i limistéir arna n-ainmniú ag an gComhairle chun na críche sin i gCuan Bhaile na Cúirte, agus a thaispeántar i Sceideal na léarscáileanna atá i gceangal leis seo.

21) Tá sé toirmiscthe dobharárthach pearsanta, árthach cumhachta luais agus árthach cumhachta a úsáid laistigh de 300 méadar den mharc diathrá, ach amháin chun críche tarrthála nó le linn dul isteach san uisce nó amach as i limistéar ainmnithe i gCuan Bhaile na Cúirte dá dtagraítear in Alt VI (19) thuas.

22) Déanfaidh oibreoirí dobharárthach pearsanta, árthach cumhachta luais agus árthach cumhachta srian luais 6 mhuirmhíle san uair a urramú ón líne snámha go dtí 300 méadar i dtreo na farraige as gach trá agus ní ceart dóibh a bheith ag oibriú gar do shnámhóirí ach amháin i gcás éigeandála.

23) Gach duine a bheidh i bhfeighil dobharárthaigh phearsanta, árthaigh chumhachta luais agus árthaigh chumhachta, gníomhóidh sé nó sí i slí nach mbeidh ina cúis le crá d'aon duine a bheidh ag baint úsáid as an trá nó ag snámh san uisce ná a chuirfidh isteach ar flora agus fauna a fhaightear go nádúrtha.

24) Aon duine a bheidh i bhfeighil dobharárthaigh phearsanta, árthaigh chumhachta luais agus árthaigh chumhachta, nó á úsáid ar dhóigh ar bith, caithfidh sé nó sí gaireas snámhachta pearsanta nó seaicéad tarrthála oiriúnach.

25) Gach duine a thabharfaidh dobharárthach pearsanta, árthach cumhachta luais nó árthach cumhachta isteach ar an Trá, beidh sé nó sí freagrach agus faoi dhliteanas i leith aon damáiste nó díobháil do mhaoin nó do dhaoine a dhéanfar dá dheasca sin.

26) Gach duine a thabharfaidh dobharárthach pearsanta, árthach cumhachta luais nó árthach cumhachta isteach ar an Trá, ní foláir dó nó di é a aistriú ón Trá má ordaíonn Duine Údaraithe dó nó di déanamh amhlaidh.

27) Ní chuirfidh na forálacha seo srian le haon Ghníomhaireacht Stáit a cumhachtaí reachtúla a fheidhmiú. Ní bheidh feidhm ag an bhFodhlí seo maidir le soithigh arna gcoimeád ag Gardaí Cósta, Institiúid Náisiúnta Ríoga na mBád Tarrthála, an tSeirbhís Tarrthála Cladaigh Phobail, na Buan-Óglaigh, an tSeirbhís Chabhlaigh, an tSeirbhís Chustam agus Máil, An Garda Síochána, Comhairle Contae Loch Garman, Cosaint Shibhialta agus seirbhísí aitheanta eile agus a bhíonn á úsáid go hiomlán ag fostaí nó comhalta de na heagraíochtaí nó na seirbhísí sin fad a bheifear ar dualgas.

**Cláir Thonnmharcaíochta/ Cláir Sheoltóireachta/Cláir Eitleoige/Canúnna/Cadhcanna**

Ní dhéanfaidh aon duine gaothshurfáil ar chláir sheoltóireachta ná surfáil eitleoige a dhéanamh ar chláir eitleoige ná tonnmharcaíocht a dhéanamh ar Chlár tonnmharcaíochta nó canú nó cadhc a úsáid gar do shnámhóirí.

28) Féadfaidh an Chomhairle limistéir den Trá a ainmniú a bheidh sainithe go soiléir agus ina mbeidh srian le cláir tonnmharcaíochta/eitleoige/sheoltóireachta, canúnna agus cadhcanna a úsáid.

29) Ní dhéanfaidh aon duine teagasc sa tonnmharcaíocht nó in aon spórt/ghníomhaíocht uisce eile a thairiscint ón Trá nó san fharraige mura ndéanfar é sin de réir na gcaighdeán arna n-eisiúint ó am go ham ag Sábháilteacht Uisce na hÉireann agus/nó comhlacht eile atá aitheanta ag Comhairle Contae Loch Garman chun caighdeáin den sórt sin a eisiúint agus mura ndéanfar é de réir choinníollacha ceadúnais.

**Scannánú**

30) Ní dhéanfaidh duine ar bith aon scannán ar bhonn tráchtála ar Thrá seachas le toiliú ón gComhairle agus faoi réir théarmaí agus coinníollacha an toilithe sin.

Is cion chun críocha fhodhlí VIII de na fodhlíthe seo é na ceanglais a leagtar amach san Fhodhlí VI seo a bhriseadh nó a shárú.

## VII. Ceadúnais a dheonú

31) Féadfaidh an Chomhairle, dá rogha féin, ceadúnas a dheonú faoi réir na gcoinníollacha a mheasfaidh an Chomhairle is cuí, maidir le cuid nó codanna den Trá a úsáid chun aon rud nó ítim a chur uirthi lena ndíol nó lena bhfruiliú, lena n-áirítear aon bhoth, seastán, stalla, marcaíocht ar chapaillín, bád lapadaíola, bád, cadhc, canú, clár tonnmharcaíochta, clár toinne sciála, cláir sheoltóireachta, aerthocht, báidín nó trealamh nó teagasc/ranganna maidir le haon ghníomhaíocht spóirt nó eile a thairiscint, nó chun ócáid phoiblí, spóirt no tráchtála a eagrú, a chur ar bun nó a sheoladh faoi réir an t-iarratasóir polasaí bailí i dtaobh árachas dliteanais phoiblí agus árachas dliteanais fostóra lena slánófar Comhairle Contae Loch Garman agus aon doiciméadacht eile is gá a thabhairt ar aird.

32) Aon duine a dhéanfaidh iarratas chuig an gComhairle ar cheadúnas, tabharfaidh sé nó sí don Chomhairle an fhaisnéis a iarrtar san fhoirm iarratais mar aon le cibé faisnéis a iarrfaidh an Chomhairle chun a cumhachtaí agus a feidhmeanna faoi na Fodhlíthe seo a fheidhmiú.

33) Ar cheadúnas a dheonú, íocfaidh an t-iarratasóir táille cheada íosta €100 an méadar cearnach den trá in aghaidh gach séasúr samhraidh nó cuid de ar ina leith a dheonaítear an cead (maidir le hearraí/táirgí a dhíol nó a fhruiliú), nó mar mhalairt air sin, féadfar tairiscint praghas tairisceana nó comórtas eile a úsáid le haghaidh seirbhísí áirithe. Íocfaidh iarratasóirí táille iarratais ceada de réir mar a leanas i leith gach ionad ag a bhféadfar an tseirbhís a sholáthar. Beidh feidhm ag na táillí seo a leanas maidir le gníomhaíochtaí eile amhail ranganna aclaíochta;

(a) Gníomhaíochtaí Spóirt Uisce (e.g. teagasc) €250 sa bhliain
(b) Gach Gníomhaíocht Eile (e.g. ranganna aclaíochta) €150 sa bhliain.

34) Ní shaorfaidh ceadúnas arna dheonú ag an gComhairle aon duine ná daoine dár deonaíodh an ceadú sin ó fhreagracht phearsanta nó ó dhliteanas pearsanta i leith aon ghníomh nó neamhghníomh a bheidh coiriúil, neamhdhleathach, éagórach nó faillíoch agus a bhféadfaí, aon tráth, an duine nó na daoine sin a agairt nó a chúiseamh ina leith.
35) Ní mheasfar ar dhóigh ar bith, maidir le ceadúnas arna dheonú ag an gComhairle, go luafar an Chomhairle, a oifigigh, fostaithe nó gníomhairí le haon dliteanas nó freagracht i leith aon ghníomh nó neamhghníomh coiriúil, neamhdhleathach, mídhleathach, éagórach nó faillíoch arna dhéanamh ag aon duine/daoine dár deonaíodh an cead sin nó ag seirbhísigh, gníomhairí nó fostaithe dá cuid nó dá chuid nó dá gcuid nó ní mheasfar an Chomhairle a bheith rannpháirteach sa chéanna, ná ní mheasfar go n-eascraíonn aon chomhshocraíocht leis an gComhairle mar thoradh ar aon cheadúnas arna dheonú ag an gComhairle.
36) Féadfaidh an Chomhairle, trí fhógra i scríbhinn, téarmaí aon cheadúnais a bheidh eisithe agus aon choinníollacha a ghabhann leis a chúlghairm, a fhionraí, a athrú, a leasú nó a theorannú.
37) Beidh ceadúnas arna dheonú ag an gComhairle bailí ar feadh tréimhse 12 mhí tar éis an dáta eisiúna, i gcás ceadúnas maidir le gníomhaíocht, nó ar feadh ré na hócáide i gcás ceadúnas arna dheonú maidir le hócáid.
38) Forchoimeádann an Chomhairle an ceart chun diúltú d'aon iarratas. Féadfaidh iarratasóir achomharc a dhéanamh i gcoinne cinneadh ón gComhairle trí scríobh chuig an Stiúrthóir Seirbhísí, Tithíocht, Pobal, Comhshaol, Gníomhú ar son na hAeráide, Leabharlanna agus Seirbhísí Éigeandála, Comhairle Contae Loch Garman, An Charraig Leathan, Baile Loch Garman, laistigh de mhí tar éis an t-iarratas a dhiúltú.

**VIII Daoine údaraithe agus cionta**

39) Beidh sé dleathach d'aon Duine Údaraithe nó comhalta den Gharda Síochána na Fodhlíthe seo a fhorfheidhmiú agus aon bheart eile a dhéanamh a mheasfar is gá i bhforfheidhmiú na bhFodhlíthe seo.
40) Féadfaidh Duine Údaraithe a iarraidh ar aon duine a dhealraíonn a bheith ag sárú foráil de na Fodhlíthe seo staonadh den ghníomhaíocht sin.
41) I gcás go mbeidh comhalta den Gharda Síochána den tuairim go bhfuil cion á dhéanamh nó déanta ag duine, ar cion é a bhfuil feidhm ag na Fodhlíthe seo maidir leis, féadfaidh an comhalta sin den Gharda Síochána an duine a ghabháil gan bharántas.
42) Aon duine a chuirfidh bac nó treampán ar Dhuine Údaraithe nó ar chomhalta den Gharda Síochána a bheidh ag gníomhú i bhfeidhmiú a chumhachtaí/a cumhachtaí faoi na Fodhlíthe seo, nó a dhiúltóidh iarraidh ó Dhuine Údaraithe nó ó chomhalta den Gharda Síochána a chomhlíonadh, beidh sé nó sí ciontach i gcion.
43) I gcás go mbeidh Duine Údaraithe den tuairim go bhfuil cion á dhéanamh nó déanta ag duine, ar cion é a bhfuil feidhm ag na Fodhlíthe seo maidir leis, féadfaidh an Duine Údaraithe ainm agus seoladh an duine sin a éileamh agus má dhiúltaíonn an duine don éileamh sin nó má thugann sé nó sí ainm agus seoladh atá bréagach nó míthreorach, beidh an duine sin ciontach i gcion. Má iarrtar air nó uirthi déanamh amhlaidh, déanfaidh duine a bheidh údaraithe faoi na Fodhlíthe seo fianaise de

shainaitheantas fótagrafach ar a cheapadh/a ceapadh mar dhuine údaraithe chun críche na bhFodhlíthe seo a thabhairt ar aird.

44) Féadfaidh duine údaraithe Fógra Pionóis Sheasta €75.00 a eisiúint i leith sárú ar na Fodhlíthe seo nó i leith sárú ar aon choinníoll/choinníollacha a bheidh ag gabháil le ceadúnas faoi na Fodhlíthe seo.

45) Aon duine a dhéanfaidh cion faoi na Fodhlíthe seo, féadfaidh an Chomhairle nó an Garda Síochána é nó í a ionchúiseamh. Aon duine a sháróidh foráil de na Fodhlíthe seo, nó aon chead nó coinníoll nó coinníollacha a bheidh ag gabháil le haon chead arna dheonú faoi na Fodhlíthe seo, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear Fógra Pionóis Sheasta €75 a chur air nó uirthi i leith sárú ar na Fodhlíthe mar mhalairt ar ionchúiseamh i leith cion den sórt sin. Ní foláir méid an Fhógra Pionóis Sheasta a íoc laistigh d'ocht lá is fiche ón dáta a seirbheáladh an Fógra Pionóis Sheasta sin má ta an duine sin chun ionchúiseamh a sheachaint.

46) Aon duine ar a seirbheálfar Fógra Pionóis Sheasta, tá sé nó sí i dteideal neamhaird a thabhairt ar an bhfógra sin agus ionchúiseamh maidir leis an sárú líomhnaithe a chosaint i gCúirt. I gcás den sórt sin, agus ar é nó í a ionchúiseamh i gCúirt, go gcinnfear gur sháraigh an duine aon fhoráil shonrach de na Fodhlíthe seo, beidh sé nó sí ciontach i gcion faoi Alt 205 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €2,500 a chur air nó uirthi.

47) Más rud é go leanfar de shárú ar fhoráil de na Fodhlíthe seo tar éis an chiontaithe, beidh an duine is cúis leis an sárú ciontach i gcion eile agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair sa Chúirt Dúiche, fíneáil nach mó ná €126.97 in aghaidh an lae a chur air nó uirthi.

## IX <u>Ginearálta</u>

48) Ní dhéanfaidh aon ní sna Fodhlíthe roimhe seo, ná aon ní a dhéanfar faoi aon fhoráil díobh, dochar ná díobháil ar shlí ar bith do chearta agus leas an Stáit san imeall trá, nó feidhmiú aon chearta poiblí a chosc ar an imeall trá, nó dochar nó díobháil d'aon cheart, cumhacht nó pribhléid is infheidhmithe go dlíthiúil ag aon duine san imeall trá nó thairis nó maidir leis.

Arna ndéanamh agus arna nglacadh faoi Ghnáthshéala Chomhairle Contae Loch Garman ag an gcruinniú den Chomhairle a bhí ann i Halla an Chontae, An Charraig Leathan, Loch Garman an 28 Márta, 2022.

Tiocfaidh Fodhlíthe Trá Chomhairle Contae Loch Garman, 2021 i bhfeidhm an 1 Meitheamh, 2022.

I láthair nuair a greamaíodh Gnáthshéala na Comhairle de seo:

Seoirse Ó Leathlobhair
______________________

Comhairleoir Contae

______________________

Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin

______________________

Rúnaí Contae

**Sceideal 1**

**Tránna a bhfuil feidhm ag na Fodhlíthe seo maidir leo:-**

Dún Dónaill

Baile na hEiscrí

Baile an Choinigéir

Baile Uí Éilí

Baile na Claise

Baile Thaidhg

Baile an Bhulbhaigh

Carnach

Cluain/Baile an Chaisleáin

Baile Chuilinn

Currach Cló (*White Gap*)

Fiodh Ard

Cill Phádraig

Caisleán Mhurchú

Poll Seoin

Cill Eilleáin

Teach Coimseáin

Cuan Bhuaile

Baile an Abhalloirt

Baile Dháith Bhuí

Baile Muine

Baile na Móna

Baile Bhaldain

Cathóir

Ceann an Chairn

Baile na Cúirte

Bearna Mhic Collatáin

Dún Canann

Oileán Mhuire

Cnoc na Saileog

*Old Bawn*/An Baile Nua

Trá Ros Láir

Baile Rostúin

Tigh na Bearna

Tagraíonn "Trá" don chuid sin de limistéar na trá mara agus an imill trá a thaispeántar agus atá scáthlínithe le dath Buí ar na léarscáileanna atá i gceangal leis seo maidir le gach ceann de na tránna a liostaítear thuas

Iarscríbhinn 1

FÓGRA I dTAOBH ÍOCAÍOCHT SHEASTA

Appendix 1 FIXED PAYMENT NOTICE-FÓGRA SEASTA ÍOCAÍOCHTA

## WEXFORD COUNTY COUNCIL BEACH BYE-LAWS 2022

**FHODHLÍTHE TRÁNNA CHOMHAIRLE CONTAE LOCH GARMAN 2022**

| Reference number/ Uimhir thagartha |
|---|
| **BBL 0001** |

Wexford County Council
COMHAIRLE CONTAE LOCH GARMAN | WEXFORD OUNTY COUNCIL

## FIXED PAYMENT NOTICE FOR THE PURPOSES OF

## SECTION 206 OF THE LOCAL GOVERNMENT ACT 2001

**FÓGRA ÍOCAÍOCHTA SOCRAITHE I DTAOBH ALT 206 ACT UM RIALTAIS ÁITIÚIL 2001**

To/Chuig: Name/Ainm ____________________
Address/Seoladh ____________________

It is alleged that you have contravened the provisions of a bye-law number ____ made under Part 19 of the Local Government Act 2001 entitled **'Wexford County Council Beach Bye-Laws 2022'** by:
Líomhnaítear go bhfuil fo-dlí _____ d'forálacha Cuid 19 den Acht um Rialtais Áitiúil 2001 sáraithe faoi **'Fhodhlíthe Tránna Chomhairle Contae Loch Garman 2022'** ag:

________________________________________

________________________________________

*(in general terms specify nature of contravention/ Lua a thromchúisí is atá an líomhain i dtéarmaí ginearála)*

at/ag: ________________________________________

| On the/Ar An | | Day of/ Lá de | | Month/Mí | | Year/Blian | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|

| | |
|---|---|
| During the period of 21 days beginning on the date of this notice, you may pay the sum of **€75.00,** producing/attaching this notice, at the offices of the local authority named in this notice located at:<br><br>***Wexford County Council, Carrick Lawn, Wexford Y35 WY93 or any Municipal District Office*** | Le linn na treimhse 21 la, ag tosu ar dhata an fh6gra seo. Is feidir leat an tsuim **€75.00** a ioc, ag tabhairt an f6gra seo chuig oifigf na comhairle, luaite sa bhf6gra ag an seoladh sea leanas:<br><br>***Comhairle Contae an Loch Garman, An Charraig Leathan, Loch Garman Y35 WY93 nó aon Oifig Ceantar Bardasach*** |

- A prosecution in respect of the alleged contravention shall not be instituted during the said period, and if the sum of **€75.00** is paid during that period, no prosecution will be instituted at any time.
- Ní thabharfar os comhair cúirte ar char ar bith thú maidir leis an líomhain le linn na tréimhse atá luaite, agus má íoctar an tsuim de **€75.00** le linn na tréimhse sin.

Signed/ Sínithe ............................................ Date/ Dáta............................
(Authorised Person/ Duine Údaraithe)

**Important** Payment will be accepted at the offices of the local authority specified above and must be accompanied by this notice. Payment may be made by post. Cheques etc. should be made payable to: Wexford County Council, Carrick Lawn, Wexford Y35 WY93. A receipt will be issued.
You are entitled to disregard this notice and defend a prosecution of the alleged contravention in court.
**Tábhachtach** Glactar le híocaíocht ag oifigí na comhairle atá thuasluaite agus caithfidh an fógra a bheith iniata leis. Is féidir íocaíocht a dheanamh tríd an post. Bíodh seiceanna iníoctha do: Comhairle Contae Loch Garman, An Charraig Leathan, Loch Garman,Y35 WY93.
Tabharfar admháil.
Tá cead agat neamhaird a dhéanamh ar an bhfógra seo agus tú féin a chosaint sa chúirt maidir leis an méid atá líomhnaithe.

IARSCRÍBHINN 2    LÉARSCÁILEANNA NA dTRÁNNA